# Cuntas Leithreasa 2024

## Vóta 10

## An Coimisiún um Achomhairc Chánach

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 10, tá orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain agus an cuntas a thíolacadh don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an cheanglais seo, tugaim tuairisc sa chuntas atá ceangailte leis seo ar an tsuim a caitheadh sa bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2024 ar thuarastail agus ar chostais an Choimisiúin um Achomhairc Chánach.

Cuirtear an caiteachas iarbhír i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2024, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair ar mhaithe le caiteachas na bliana.

Dlitear farasbarr €798,000 a ghéilleadh don Státchiste.

Tá an ráiteas faoi pholasaithe agus prionsabail chuntasaíochta chomh maith leis na nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas ar pholasaithe agus prionsabail chuntasaíochta

Cuireadh na polasaithe agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta, maidir le cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar atá leagtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe i gciorlán 20 de 2024, i bhfeidhm agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis seo cur I bhfeidhm  roinnt Caighdeán Cuntasaíochta Rialtais Láir (CGAS) a tháinig  i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2024.

***Dímheas***

Ríomhtar agus gearrtar dímheas ar mhaoin, ar ghléasra agus ar threalamh agus amúchadh ar shócmhainní doláimhsithe de réir CGAS 17 agus CGAS 31 faoi seach.

Seo a leanas saolréanna úsáideacha agus rátaí gaolmhara na bpríomhshócmhainní.

| *Aicme sócmhainní* | *Saolré Úsáideach* | *Ráta dímheasa /amúchta* |
|---|---|---|
| Ceadúnas bogearraí | 5 bhliain | 20% |
| Trealamh oifige | 5 bhliain | 20% |
| Bogearraí faighte/ forbartha | 10 bhliain | 10% |

## Ráiteas ar an rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais á chothabháil agus á oibriú ag an Oifig.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Chathaoirleach.

Freisin, ní fhéadann aon chóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ach ráthaíocht réasúnta seachas dearbhráthaíocht a thabhairt go bhfuil sócmhainní cumhdaithe, idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go ndéantar earráidí ábhartha nó mírialtachtaí eile a chosc nó a aimsiú in am trátha. Is próiseas leanúnach é an córas um rialú inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus coinnítear an córas agus a éifeachtúlacht faoi athbhreithniú leanúnach.

***Seirbhísí tacaíochta***

Bunaíodh nósanna imeachta maidir le seirbhís íocaíochta agus cuntasaíochta an Choimisiúin a riarann Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim in 2016 nuair a bunaíodh an Coimisiún. Rinneadh athbhreithniú ar an gcomhaontú seirbhíse idir an Coimisiún agus Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim ina leagtar amach freagrachtaí na bpáirtithe agus rinneadh comhaontú seirbhíse athbhreithnithe a aontú agus a shíniú ar an 12 Feabhra 2021. Clúdaíonn an comhaontú seo cuntais agus airgeadas go príomha.

I ndáil le soláthar seirbhísí comhroinnte acmhainní daonna agus párolla, tugaim faoi deara an ráthaíocht a thugann Oifigeach Cuntasaíochta Vóta na hOifige Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte do na Coimisinéirí Ioncaim.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na heilimintí seo a leanas.

- Déantar freagrachtaí airgeadais a shannadh ag leibhéal bainstíochta leis an gcuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal ina bhfuil freagrachtaí bainistithe airgeadais sannta.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla bunaithe chun teipeanna rialaithe suntasacha a thuairisciú agus cinntiú go nglactar gníomh ceartaitheach cuí.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm agus mé ag comhlíonadh mo chuid dualgais maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais.
- Tá doiciméadú déanta ar na nósanna imeachta do na príomhphróisis ghnó.
- Tá córais ar bun chun na sócmhainní a chosaint.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Go bhfuil córas buiséadaithe iomchuí i bhfeidhm le buiséad bliantúil a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú bliantúil air.
- Go ndéanann lucht ardbhainistíochta athbhreithniú rialta ar thuairiscí airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla ina léirítear feidhmíocht airgeadais i gcomparáid le tuartha.
- Go bhfuil córas bainistíochta riosca i bhfeidhm laistigh den Choimisiún.
- Go bhfuil córais ann atá dírithe ar shlándáil chórais TFC a chinntiú.

- Tá treoirlínte rialaithe infheistíochta caipitil iomchuí ann, chomh maith le disciplíní foirmiúla um bhainistiú tionscadail.
- Go gcinntíonn an Coimisiún go bhfuil fócas iomchuí ar dhea-chleachtas maidir le ceannach agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir .

***Iniúchadh inmheánach***

Fostaíonn an Coimisiún gnólacht cuntasóirí chun seirbhísí iniúchta inmheánaigh seachfhoinsithe a sholáthar. Tuairiscíonn an t-iniúchóir inmheánach domsa agus go neamhspleách don Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a fhaigheann, a athbhreithníonn agus a cheadaíonn plean oibre iniúchóireachta inmheánaí trí bliana leanúnach i gcomhar le foireann bainistíochta an Choimisiúin.

In 2025, rinne an t-iniúchóir inmheánach tuairisciú ar an athbhreithniú ar rialuithe inmheánacha airgeadais in 2024, rud a thug dearbhú réasúnach i ndáil leis an timpeallacht rialaithe imheánaigh a bhí i bhfeidhm. Bonn eolais den fheidhm iniúchóireachta inmheánaí is ea an anailís ar na rioscaí sin a bhfuil an Coimisinéir neamhchosanta orthu, agus tá a chuid pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí, arna gceadú agam féin, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn atrátha thar thréimhse réasúnta.

Déanann mé athbhreithniú ar an fheidhm iniúchta inmheánaigh go tréimhsiúil. Tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm agam lena chinntiú go ngníomhaítear ar thuairiscí na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Coiste Iniúchóireachta agus Riosca***

Cuireann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca ráthaíocht neamhspleách ar fáil don Choimisiún maidir le leordhóthanacht agus éifeachtúlacht córais rialaithe inmheánaigh, timpeallacht rialaithe agus nósanna imeachta rialaithe de chuid na heagraíochta. Ina theannta sin, déanann an Coiste monatóireacht ar obair na feidhme iniúchadh inmheánaigh agus tugann siad aird ar leith ar thuairisc an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste maidir leis an iniúchadh agus ar an litir bhainistíochta ina dhiaidh sin. Maidir leis an gCoiste, a ghníomhaíonn mar choiste comhairleach seachas coiste maoirseachta, cuireann sé dearcadh neamhspleách ar fáil ar phróiseas tuairiscithe airgeadais, rialuithe inmheánacha agus feidhmeanna iniúchóireachta an Choimisiúin. Déanann an Coiste eolas a chur ar fáil agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm straitéis bainistíochta riosca an Choimisiúin. Déanann an Coiste éacht thábhachtach ar son éifeachtúlacht fheidhm rialachais chorparáidigh an Choimsiúin.

***Soláthar***

Cinntíonn an Coimisiún go bhfuil fócas iomchuí ar dhea-chleachtas soláthair i ndámhachtain na gconarthaí uile agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha uile a chinntiú. B'ionann caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí profisiúnta agus ar sheirbhísí conarthaí uile, costas iomlán de €0.537 milliún in 2024. Níor tugadh isteach aon chonarthaí neamh-iomaíochta ag an gCoimisiún le linn 2024 agus, mar a cheanglaítear le Ciorclán 40/2002, tíolacadh tuairisceán nialasach chuig an Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, don Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí, Seachadadh an Phlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe.

***Creat riosca agus rialaithe***

Tá córas bainistithe riosca curtha i bhfeidhm ag an gCoimisiún ina n-aithnítear agus ina dtuairiscítear príomhrioscaí agus na gníomhnaíochtaí bainistíochta atá á dtógáil chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin, agus dá mhéad is féidir, iad a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm a aithníonn na príomhrioscaí don Choimisiún agus déanfar iad seo a aithint, a mheas agus a ghrádú de réir a dtábhachta. Déanann an Bord Athbhreithnithe Riosca athbhreithniú agus uasdátú ar an gclár ar bhonn ráithiúil.

Baintear úsáid as toradh na measúnuithe seo chun acmhainní a phleanáil agus a leithdháileadh chun a chinntiú go ndéantar rioscaí a bhainistiú go dtí leibhéal inghlactha.

Sonraítear sa chlár riosca na rialuithe agus na gníomhartha atá de dhíth chun rioscaí a mhaolú agus an freagracht i leith oibriú na rialuithe, a shanntar ar bhaill foirne ar leith.

***Monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach***

Tá nósanna imeachta foirmeálta bunaithe le monatóireacht a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear rialú ar easnaimh in iúl dóibh siúd freagrach as gníomh ceartaitheach a chur i bhfeidhm agus don bhainistíocht ar bhealach tráthúil. Deimhním go bhfuil príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara aitheanta agus go bhfuil próisis curtha ar bun chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomhrialuithe sin agus aon easnaimh shainaitheanta a thuairisciú.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Tá nósanna imeachta ag an gCoimisiún le monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta do bhainistiú riosca agus rialaithe. Tá monatóireacht agus athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh airgeadais bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus ar an mbainistíocht shinsearach laistigh den Choimisiún atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh airgeadais a fhorbairt agus a chothabháil.

***Deacrachtaí rialaithe inmhéanaigh airgeadais***

Níor sainaithníodh aon laigí sa rialú inmheánach airgeadais i ndáil le 2024 atá le nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Marie-Claire Maney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Achomhairc Chánach

10 Márta 2025

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach
### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2024, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar An Coimisiún um Achomhairc Chánach agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

Níl aon rud le tuairisciú agam ina leith sin.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

25 Meitheamh 2025

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### *Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta*

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### *Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste*

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d’Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha dá mba rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d’iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos mó ag baint le míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeidh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m’iniúchta.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

***Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais***

Le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go gcreidim go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

***Tuairisciú ar ábhair eile***

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 10 An Coimisiún um Achomhairc Chánach

## Cuntas Leithreasa 2024

| | | 2024 | | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas chláir** | | | | |
| A | Éascú ar achomhairc chánach a éisteacht | 3,906 | 3,096 | 2,987 |
| **Ollchaiteachas** | | **3,906** | **3,096** | **2,987** |
| *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasaí-i-gcabhair** | **74** | **62** | **54** |
| **Glanchaiteachas** | | **3,832** | **3,034** | **2,933** |

**Farasbarr**

Tá farasbarr na suime a soláthraíodh atá os cionn na glansuime a fheidhmítear, faoi réir géillte don Státchiste.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Farasbarr le géilleadh** | **798,450** | **688,444** |

**Marie-Claire Maney**
Oifigeach Cuntasaíochta
An Coimisiún um Achomhairc Chánach

10 Márta 2025

## Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2024

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Pá | | 2,559 | 2,365 |
| Neamhphá | | 537 | 622 |
| **Ollchaiteachas** | | **3,096** | **2,987** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **62** | **54** |
| **Glanchaiteachas** | | **3,034** | **2,933** |
| | | | |
| **Athraithe i sócmhainní caipitil** | | | |
| ***Maoin, gléasra agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (25) | | |
| Dímheas | 15 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 2 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (84) | | |
| Amúchadh | 65 | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 52 | | |
| | | 25 | (322) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar réamhíocaíochtaí | (74) | | |
| Méadú ar horálacha | 85 | | |
| Méadú ar chostais fhabhraithe | 114 | | |
| | | 125 | 35 |
| **Caiteachas díreach** | | **3,184** | **2,646** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 678 | 634 |
| **Glanchostas cláir** | | **3,862** | **3,280** |

### 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Tá an glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara comhdhéanta de na méideanna seo a leanas maidir le Vóta 10 a iompraíodh in áit eile.

| | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 9 | Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | 29 | 20 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 606 | 579 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomhoifigeach Faisnéise an Rialtais | 43 | 35 |
| | | **678** | **634** |

## Nóta 2 Ráiteas ar Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2024

| | Nóta | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| **Sócmhainní caipitil** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 26 | 18 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 550 | 583 |
| | | **576** | **601** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | | 355 | 315 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.3 | 122 | 48 |
| | | **477** | **363** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Foráil | 2.4 | 85 | — |
| Speansais fhabhraithe | 2.5 | 140 | 26 |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | | 342 | 280 |
| Glanmhaoiniú ón Státchiste | 2.6 | 13 | 35 |
| | | **580** | **341** |
| **Glan-shócmhainní reatha (dliteanais)** | | **(103)** | **22** |
| **Glansócmhainní** | | **473** | **623** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **Cuntas maoinithe Stáit** | 2.7 | **473** | **623** |

## 2.1 Maoin, gléasra agus trealamh

| | Trealamh Oifige agus TF | Troscán agus feisteas | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil**[a] | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 139 | 7 | 146 |
| Breiseanna | 25 | — | 25 |
| Diúscairtí | (25) | — | (25) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 139 | 7 | 146 |
| | | | |
| **Dímheas carntha** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 124 | 4 | 128 |
| Dímheas don bhliain | 14 | 1 | 15 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | (23) | — | (23) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 115 | 5 | 120 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **24** | **2** | **26** |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 15 | 3 | 18 |

Nóta [a] Áirítear leis an gcostas nó leis an luacháil sócmhainní a fuarthas ar níos lú ná €10,000 roimh an 1 Eanáir 2021.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh | Iomlán |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 681 | 681 |
| Breiseanna | 84 | 84 |
| Diúscairtí | (125) | (125) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 640 | 640 |
| | | |
| **Amúchadh carntha** | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2024 | 98 | 98 |
| Amúchadh don bhliain | 65 | 65 |
| Amúchadh ar dhiúscairtí | (73) | (73) |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 90 | 90 |
| | | |
| **Glansócmhainní** | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2024** | **550** | **550** |
| Amhail an 31 Nollaig 2023 | 583 | 583 |

## 2.3 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Seirbhísí agus Tacaíocht TFC | 94 | 30 |
| Costais eile riaracháin | 28 | 18 |
| | **122** | **48** |

## 2.4 Forálacha

| amhail an 31 Nollaig | **Costais dlí** | **Iomlán** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Foráil bhreise déanta | **85** | **85** |

## 2.5 Costais fhabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Fabhruithe gaolmhara párolla (nóta 2.9) | 123 | — |
| Seirbhísí agus Tacaíocht TFC | 12 | 3 |
| Costais riaracháin | 5 | 23 |
| | **140** | **26** |

## 2.6 Glannmhaoiniú ón Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | **2024** | **2023** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Farasbarr le géilleadh | 798 | 688 |
| Deontas ón Státchiste nár tarraingíodh | (785) | (653) |
| **Glanmhaoiniú ón Státchiste** | **13** | **35** |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 355 | 315 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim [a] | (342) | (280) |
| | **13** | **35** |

Nóta [a] Is é an figiúr €342,000 an caiteachas iomlán do mhí na Nollag 2024 a thabhaigh na Coimisinéirí Ioncaim thar ceann na gCoimisinéirí Achomhairc Cánach. Cuimsíonn sé seo

- costais phá de €215,028, lúide €5,755 i leith ranníocaíochtaí pinsin breise a coinníodh, agus
- costais neamhphá de €132,490.

## 2.7 Cuntas maoinithe Stáit

| | Nóta | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 | €000 |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 623 | 336 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 3,832 | | |
| Farasbarr le géilleadh | Cuntas | (798) | | |
| Vóta glan | | | 3,034 | 2,933 |
| Caiteachas a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 678 | 634 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (3,862) | (3,280) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **473** | **623** |

## 2.8 Gealltanais

| **Ceangaltais dhomhanda** amhail an 31 Nollaig | **2024** €000 | **2023** €000 |
|---|---|---|
| Soláthar earraí agus seirbhísí [a] | 301 | 401 |
| **Líon iomlán na gceangaltas is infheidhmithe le dlí** | **301** | **401** |

Nóta [a] Athluadhraíodh an figiúr comparáideach 2023 (ó €358,000 a tuairiscíodh roimhe seo) mar gheall ar earráid a tugadh faoi deara i ríomh na ngealltanais.

## 2.9 An chéad uair a glacadh le CGAS in 2024

Cuireadh naoi gcaighdeán cuntasaíochta nua de chuid an rialtais láir (CGAS) chun feidhme le héifeacht ón 1 Eanáir 2024. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar iarmhéid maoinithe an Stáit.

| | 2024 |
|---|---|
| | €000 |
| Forálacha [a] | (85) |
| Fabhruithe saoire [b] | (47) |
| Fabhruithe párolla [b] | (76) |
| | **(208)** |

Nóta [a] CGAS 19 Forálacha, Dliteanais Theagmhasacha agus Sócmhainní Teagmhasacha

[b] CGAS 39A Sochair Fostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Tá an caiteachas chlár uile aicmithe mar chaiteachas riaracháin.

| | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | 3,190 | 2,559 | 2,365 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | 6 | — | — |
| iii | Oiliúint agus Forbairt | 36 | 19 | 6 |
| iv | Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh éagsúil | 100 | 66 | 73 |
| v | Infheistíocht chaipitil dhigiteach agus costais TF | 350 | 298 | 436 |
| vi | Costais Áitribh | 44 | 24 | 24 |
| vii | Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairliúcháin agus taighde | 180 | 130 | 83 |
| | | **3,906** | **3,096** | **2,987** |

Nóta [a] Athríodh anailís na bhfo-cheannteidil riaracháin neamhphá mar chuid den phróiseas chun na fo-cheannteidil riaracháin a nuachóiriú trasna na gcuntas vótáilte. Leasaíodh na figiúirí comparáideacha do 2023 chun an struchtúr nua a léiriú.

## Nóta 4 Fáltais

### 4.1 Leithreasuithe-i-gcabhair

| | | | 2024 | 2023 |
|---|---|---|---|---|
| | | **Soláthar meastacháin** | **Réadaith** | **Réadaith** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 | Fáltais ó ranníocaíochtaí aoisliúntais breise ar luach saothair seirbhíse poiblí | 73 | 62 | 53 |
| 2 | Ilghnéitheach | 1 | — | 1 |
| | | **74** | **62** | **54** |

## Nóta 5 Soláthar Foirne agus Luach Saothair

### 5.1 Líon na bhFostaithe

| Comhionann le fostaithe lánaimseartha | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| Líon foirne ag deireadh na bliana | **33** | **33** |

### 5.2 Pá

| | 2024 €000 | 2023 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 2,238 | 2,047 |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 45 | 43 |
| Ragobair | 36 | 53 |
| ÁSPC Fostóra | 240 | 222 |
| **Pá iomlán** | **2,559** | **2,365** |

### 5.3 Liúntais agus íocaíochtaí ragoibre

| | Líon na bhfaighteoirí | Faighteoirí a fuair €10,000 nó níos mó | An íocaíocht aonair is mó | |
|---|---|---|---|---|
| | | | 2024 € | 2023 € |
| Liúntais le haghaidh ard-dualgais, dualgais speisialta nó dualgais bhreise | 8 | 2 | 13,739 | 15,991 |
| Ragobair | 14 | — | 9,264 | 12,612 |
| Luach saothair bhreise i mbreis agus catagóir amháin | 7 | 3 | 16,643 | 18,326 |

## 5.4 Foireann an Choimisiúin de réir banda pá

Seo a leanas líon na bhfostaithe de chuid an Choimisiúin a raibh a sochair fostaithe iomlána (lena n-áirítear pá bunúsach, liúntais, ragobair; gan ÁSPC fostóra, costais phinsin fostóra san áireamh) don bhliain airgeadais idir €20,000 agus €59,999 agus laistigh de gach banda de €10,000 os cionn €60,000.

| Banda pá (€) | | Líon na bhfostaithe | |
|---|---|---|---|
| **Ó** | **Go dtí** | **2024** | **2023** |
| 20,000 | 59,999 | 21 | 21 |
| 60,000 | 69,999 | 3 | 3 |
| 70,000 | 79,999 | 2 | 2 |
| 80,000 | 89,999 | 2 | — |
| 90,000 | 99,999 | — | — |
| 100,000 | 109,999 | 1 | 1 |
| 110,000 | 119,999 | 1 | 5 |
| 120,000 | 129,999 | 2 | — |
| 130,000 | 139,999 | — | — |
| 140,000 | 149,999 | 2 | — |
| 150,000 | 199,999 | — | — |
| 200,000 | 209,999 | — | 1 |
| 210,000 | 219,999 | 1 | — |

## 5.5 Luach saothair agus sochair an Oifigigh Chuntasaíochta

Seo a leanas luach saothair agus sochair incháinithe an Oifigigh Chuntasaíochta don bhliain airgeadais.

| | 2024 | 2023 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Pá bunúsach | 211 | 201 |
| | **211** | **201** |

Níl luach na sochar scoir a thuilltear sa tréimhse san áireamh thuas. Tá an tOifigeach Cuntasaíochta ina bhall den scéim aoisliúntais iar-1995 do státseirbhísigh bhunaithe agus ní théann a teidlíochtaí ina leith sin thar théarmaí caighdeánacha na scéime pinsin sin.

## 5.6 Dámhachtainí feidhmíochta

Caitheadh €1,300 (2023: €1,300) san iomlán ar scéimeanna moltaí foirne. Rinneadh 26 (2023: 26) dámhachtain ar leithigh de €50.

## Nóta 6 Míreanna Ilghnéitheacha

### 6.1 Cúiteamh agus costais dlí

**Íocaíochtaí/costais íoctha ag an gCoimisiún sa bhliain**

| | Éilimh ag | | Iomlán | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **baill den phobal** | **2024** | **2023** |
| Líon na gcásanna | — | 5 | 5 | 2 |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí an Choimisiúin | — | 67 | 67 | 52 |
| Íocaíochtaí déanta ag an gCoimisiún/thar ceann an Choimisiúin | | | | |
| Cúiteamh | — | — | — | — |
| Costais dlí | — | — | — | — |
| Costais eile | — | — | — | — |
| **Iomlán 2024** | — | **67** | **67** | **52** |
| Iomlán 2023 | — | 52 | 52 | |

Nóta Amhail an 31 Nollaig 2024, tá ceithre athbhreithniú bhreithiúnacha fós ar feitheamh (2023: dhá chás)

**Costas carnach na gcásanna a críochnaíodh in 2024**

| | Éilimh ag | | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **fostaithe** | **baill den phobal** | |
| Líon na gcásanna | — | 1 | 1 |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costais dlí an Choimisiúin | — | 27 | 27 |
| Íocaíochtaí déanta ag an gCoimisiún/thar ceann an Choimisiúin | | | |
| Cúiteamh | — | — | — |
| Costais dlí | — | — | — |
| Costais eile | — | — | — |
| **Iomlán** | — | **27** | **27** |